An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0087/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Dioplóma Iarchéime Leibhéal 9 CNC san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OSPS/OCG) – Clár 2025

## Réamhrá

Tá clár oiliúna iarchéime á thairiscint ag an Roinn Oideachais do mhúinteoirí ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid scileanna maidir le teagasc OSPS/OCG in iar-bhunscoileanna. Tá sé mar aidhm ag an gclár cumas agus ceannaireacht na múinteoirí a neartú maidir le teagasc OSPS/OCG. Beidh an deis forbartha gairmiúla seo ar fáil do mhúinteoirí i mí Eanáir 2025.

## Clár oiliúna iarchéime 2025

Beidh an clár á thairiscint ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) i mí Eanáir 2025.

Má bhíonn éileamh níos mó ar an gclár, b'fhéidir go gcuirfí níos mó clár ar fáil amach anseo.

## Cáilíocht

Gheobhaidh múinteoirí a n-éiríonn leo an clár a chríochnú, dámhachtain Leibhéal 9 de Cháilíocht Náisiúnta na hÉireann (CNC) de Dioplóma Iarchéime in OSPS/OCG.

## Maoiniú

Tá an clár á mhaoiniú ag Rannóg Foghlama Gairmiúla Múinteoirí na Roinne Oideachais.

## Aidhm agus ábhar

Tá sé mar aidhm ag an gclár cleachtas oideolaíoch agus scileanna ceannaireachta múinteoirí a fheabhsú maidir le OSPS/OCG a sholáthar in iar-bhunscoileanna. Soláthróidh an clár foghlaim ghairmiúil theoiriciúil agus phraiticiúil shubstaintiúil do gach rannpháirtí. Trí eolas ar ábhar oideolaíoch ar ardchaighdeán a chur ar fáil sa chlár beidh ar chumas na múinteoirí a bheith ina múinteoirí éifeachtacha sa réimse ábhair seo.

Is iad múinteoirí iar-bhunscoile atá ag múineadh OSPS/OCG faoi láthair agus a bhfuil post buan teagaisc nó conradh tréimhse éiginnte (CTÉ) acu an spriocghrúpa le haghaidh rannpháirtíochta sa chlár. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh OSPS múinte ag múinteoirí sa tsraith shóisearach agus OSPS agus/nó OCG sa tsraith shinsearach ar feadh bliana acadúla ar a laghad. Tá sé inmhianaithe go mbeadh ról ag rannpháirtithe i gcomhordú OSPS/OCG ina scoil nó go dteastaíonn uathu an deis a bheith acu an ról seo a bheith acu amach anseo.

## Riachtanais chun páirt a ghlacadh

Chun páirt a ghlacadh sa chlár forbartha gairmiúla iarchéime, ní mór do mhúinteoirí:

- Fianaise a sholáthar go bhfuil oiliúint tosaigh déanta acu in OSPS agus/nó in OCG, amhail an oiliúint a chuir Oide (ar a tugadh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) roimhe seo) agus/nó an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) ar fáil.
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith déanta orthu.
- Gealltanas a bheith acu ó phríomhoide na scoile go mbeidh siad ar an tráthchlár chun OSPS/OCG a mhúineadh ar feadh an chláir, agus dá éis, agus amach anseo.
- Bí cláraithe i gcomhréir le hAlt 31 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015. Féach le do thoil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta **www.teachingcouncil.ie** le haghaidh tuilleadh eolais. Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin 1(féach fonóta 1 thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur ar aghaidh agus a bhfoirm iarratais á cur isteach acu. Má bhíonn an réimse “Bealach” folamh, beidh ar mhúinteoirí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí acu atá oiriúnach le teagasc in earnáil na hiar-bhunscoile príomhshrutha.
- Bí fostaithe i bpost atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus ag múineadh, agus a leanfaidh de bheith ag múineadh, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta in iar-bhunscoileanna aitheanta.
- Bí i do mhúinteoir atá incháilithe le post buan a bheith agat in iar-bhunscoileanna aitheanta.

[1] Is féidir Deimhnithe Clárúcháin a íoslódáil ach logáil isteach ar an tairseach Mo Chlárúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

## Soláthraí

**Institiúid Oideachais OCBÁC,** Campas Phádraig OCBÁC, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9, DO9DYOO (www.dcu.ie).

Is í Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chuireann an clár seo ar fáil agus bronntar Dioplóma Iarchéime NQF Leibhéal 9 san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte/Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (Dioplóma Iarchéime OSPS/OCG) mar thoradh ar an gclár seo.

## Fad agus suíomh

Maireann an clár ar feadh bliana acadúla amháin agus úsáideann sé cur chuige foghlama cumaisc, le seisiúin phearsanta agus seisiúin ar líne (cuid acu beo agus cuid acu taifeadta). Le tacaíocht ón Roinn Oideachais, is féidir le múinteoirí ceithre seachtaine ar an iomlán (20 lá) a thógáil saor ón scoil chun freastal ar sheisiúin phearsanta. Reáchtálfar an chuid is mó de na seisiúin in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus beidh roinnt ceardlann ag ionad breise i Lár na Tíre (ionad le deimhniú). Tá an cur chuige solúbtha seo deartha chun é a dhéanamh níos éasca do mhúinteoirí atá ag obair a bheith rannpháirteach.

## Cur chuige an chláir

Beidh múnla cumaisc seachadta i gceist leis an gclár a chuimseoidh;

- tinreamh, go pearsanta, ar léachtaí agus ar cheardlanna arna n-éascú trí shraith laethanta blocscaoileadh ón scoil ar feadh uastréimhse ceithre seachtaine (20 lá) thar an gclár bliana,
- freastal ar scoil samhraidh mar is gá,
- foghlaim ar líne, freastal ar thart ar léacht/ceardlann/ seimineár ar líne dhá uair an chloig amháin in aghaidh na seachtaine thar bhliain acadúil OCBÁC,
- cruthú agus forbairt fianaise ar chleachtas gairmiúil a bhfuil baint ag an mac léinn leis ar feadh an chláir,
- rannpháirtíocht i bpobail foghlama gairmiúla (PFGanna),
- rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin ghairmiúla le meantóirí/teagascóirí cláir.

Chun páirt a ghlacadh sa chlár, beidh gá ag na múinteoirí le rochtain ar ríomhaire agus rochtain iontaofa ar idirlíon leathanbhanda.

## Measúnú

Déanfar measúnú ar rannphháirtithe ar an mbonn seo a leanas:

- an freastal riachtanach ar an gclár,
- tascanna roghnaithe agus tascanna scríofa a chur i gcrích go rathúil,
- fianaise a chur isteach ar chleachtais a bhfuil baint acu leo trí ardán Timpeallachta Foghlama Fíorúla na hOllscoile,
- rannphháirtíocht i bpobail foghlama gairmiúla (PFGanna), agus
- rannphháirtíocht i gcomhairliúcháin ghairmiúla le meantóirí/teagascóirí cláir.

Cuirfidh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tuilleadh sonraí faoin measúnú ar fáil do rannphháirtithe.

## Conas iarratas a dhéanamh agus an dáta deiridh le haghaidh iarratas

Ba cheart d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ag baint úsáid as an bhfoirm iarratais ar líne ag https://www.dcu.ie/gdip-sphe-rse. Lean na treoracha, le do thoil, agus déan cinnte go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad ar fáil sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas seo.

Osclófar iarratais ar 3 Nollaig 2024 agus ní mór iad a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais ar líne faoi 5pm, 20 Nollaig 2024.

Ní ghlacfar le hiarratais phoist a sheoltar chuig OCBÁC.

## Roghnú

Is faoi údaráis Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a bheidh roghnú na rannphháirtithe ó na hiarratasóirí incháilithe.

## Táillí Cláir

Ní bheidh aon táille ná muirir clárúcháin i bhfeidhm ar iarratasóirí atá incháilithe faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

## Laethanta Saoire Pearsanta Breise

Ní cheadófar aon saoire phearsanta bhreise maidir le freastal ar an gclár.

## Ionadú

Ceadófar ionadú, nach mór a bheith ceadaithe ag údarás bainistíochta na scoile, ar feadh ceithre seachtaine (20 lá) den tréimhse scaoilte san iomlán. Soláthróidh OCBÁC dátaí na laethanta cuí. Ní mór a mheas go bhfuil an t-ionadú riachtanach chun tréimhsí ceadaithe neamhláithreachta an mhúinteora ó dhualgas múinteoireachta chun freastal ar an gcúrsa a chlúdach. Ní mór don scoil doiciméid ó OCBÁC a shonraíonn sonraí na neamhláithreachta a choinneáil. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach soláthróidh an Roinn Oideachais clúdach ionadaithe íoctha i gcás ina dtógann múinteoir saoire phearsanta le linn ghné bhlocscaoileadh an chláir.

## Socruithe Tuarastail

Leanfaidh gach múinteoir atá ar bhlocscaoileadh faoi théarmaí an chláir seo dá dtuarastal a fháil ar an ngnáthbhealach.

Tabhair faoi deara le do thoil nach mbeidh aon teidlíocht ar luach saothair breise ón Roinn Oideachais mar thoradh ar chríochnú rathúil an chláir seo.

## Taisteal agus Cothabháil

Tabhair faoi deara le do thoil nach n-aisíocfar aon speansais taistil nó chothaithe a thabhann rannpháirtithe an chláir is ábhar don Chiorclán seo.

## COVID-19

Ba cheart go mbeadh a fhios ag iarratasóirí go bhféadfadh go mbeadh ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath feidhmiú faoi shrianta Covid-19 don bhliain acadúil 2024/2025, agus b’fhéidir go mbeadh gá le leasuithe ar sholáthar gnéithe áirithe den chlár chun cloí le comhairle sláinte an Rialtais ag an am.

**Jill Fannin**
**Príomhoifigeach**
**Rannóg Foghlama Gairmiúla agus Luathbhlianta Múinteoirí**
**3 Nollaig 2024**

## AGUISÍN 1

Tá na Ciorcláin seo a leanas ar fáil le híoslódáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais. www.gov.ie/oideachas:

| | |
|---|---|
| 0031/2011 | Clárú agus Cáilíochtaí Earcaíochta Múinteoirí – Iar-bhunscoil |
| 0025/2013 | Ceanglas ar Mhúinteoirí i Scoileanna Aitheanta Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta |
| 0052/2013 | Nósanna Imeachta maidir le Tosú Alt 30 i Scoil Aitheanta |